# Oideachas faoi REILIGIÚIN & CREIDIMH & EITIC



## Leabhrán Eolais do Mhúinteoirí

primary developments
foráis sa bhunscolaíocht

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Intreoir

Sa leabhrán eolais seo do mhúinteoirí, cuirtear i láthair na moltaí maidir le curaclam don Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic do bhunscoileanna. Féachtar le ceisteanna a d'fhéadfadh a bheith ag múinteoirí faoin gcuraclam nua a fhreagairt san eolas thíos agus tarraingítear aird ar ábhair a gcaithfear smaoineamh fúthu. Aithníonn an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) na srianta i dtaca le leithdháileadh ama le haghaidh curaclam a thabhairt isteach in Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic. Cuirfear iad sin san áireamh agus an curaclam á fhorbairt. Tá an cháipéis iomlán chomhairliúcháin agus ábhar comhairliúcháin eile le fáil ar ár suíomh gréasáin *www.ncca.ie/ga/comhairliúchán/orce*.

## Cad é Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC)?

Cuidíonn ORC le páistí eolas a chur agus tuiscint a fháil ar an oidhreacht chultúrtha a bhaineann le cuid de na mór-reiligiúin, le traidisiúin chreidimh agus le dearcthaí éagsúla ar an saol i sochaí an lae inniu. Ní hé is aidhm leis an creideamh ná an cleachtadh a bhaineann le haon reiligiún ar leith a chothú. Is é is aidhm le ORC meas agus tuiscint ar dhaoine de reiligiúin, de chreidimh agus de dhearcthaí éagsúla ar an saol, agus comhbhá leo, a chothú.

## Cad é Oideachas faoi Eitic?

Áirítear le múineadh na heitice foirmiú tiomantas pearsanta do dhínit agus do shaoirse gach duine den chine daonna, agus an méid sin a chur chun cinn. Cuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann le cearta agus le freagrachtaí daoine, ról na córa sa tsochaí, agus seirbhís ar mhaithe le folláine gach duine. Is nithe iad atá riachtanach d'oideachas na saoránachta agus d'fheidhmiú éifeachtach an daonlathais.

## Cé dóibh an curaclam seo?

Is dó gach páiste atá ag freastal ar bhunscoil i bPoblacht na hÉireann é.

## Cad é an gaol idir ORC agus Eitic agus clár an phátrúin?

Tá sé de cheart ag gach pátrún scoile clár a fhorbairt a thacaíonn agus a chuireann le héiteas a gcuid scoileanna féin. Rud eile ar fad is ea ORC agus Eitic agus níl sé ceaptha ar dhóigh ar bith le teacht in áit chlár an phátrúin ná in áit oideachais le creideamh a fhoirmiú i scoileanna creidmheacha.

## Cén réimse lena mbaineann ORC agus Eitic?

Cuid de chéim úr i bhforbairt an churaclaim bhunscoile is ea forbairt curaclam ORC agus Eitic; beifear ag tosú le réimse na Teanga agus na Matamaitice. Tosaíocht thábhachtach i bhforbairt an churaclaim sna réimsí seo is ea an gá le dul i ngleic leis an ró-ualach atá sa churaclam agus, ar deireadh, é a laghdú. Is gné thábhachtach den chomhairliúchán seo an cheist maidir leis an réimse a mbaineann ORC agus Eitic leis, ar mhaithe le méadú ró-ualach an churaclaim a sheachaint agus le hinfheictheacht an churaclaim agus luach do mhúinteoirí agus do pháistí a chinntiú. Cuirfear san áireamh na dúshláin maidir le leithdhaileadh ama agus tugtar aghaidh ar an gceist seo níos faide ar aghaidh sa leabhrán seo.

## Cad é mar is féidir liomsa cur leis an gcomhairliúchán?

Is féidir leat ár gceistneoir ar líne a chomhlánú ar www.ncca.ie/ga/comhairliúchán/orce.

Nó cuir aighneacht scríofa chuig:

*An Comhairliúchán um ORC agus Eitic,*
*An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta,*
*35 Cearnóg Mhic Liam,*
*Baile Átha Cliath 2.*

Nó is féidir leat freastal ar cheann de na himeachtaí comhairliúcháin a bheidh againn a fhógrófar ar ár suíomh gréasáin.

# Smaoinigh air:

**Cad é is mian leatsa a bheith mar chuid de churaclam san Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh agus Eitic, agus cad leis a bhfuil tú ag súil?**

# Réasúnaíocht, Fís agus Aidhmeanna



# Réasúnaíocht

## Cad chuige a bhfuil curaclam do ORC agus Eitic á fhorbairt?

Cuid thábhachtach d'oideachas an pháiste is ea foghlaim faoi shaol, luachanna agus traidisiúin cairde, daltaí eile sa rang agus daoine sa phobal níos leithne. Tá mórán den fhoghlaim seo ar bun cheana féin i seomraí ranga na hÉireann áit a bhfuil tuiscint na bpáistí ar a bhféiniúlacht agus muintearas féin á cothú, agus luach á chur ar an tuiscint sin, i dtimpeallachtaí scoile ina mbíonn gach duine san áireamh.Is dóigh go dtarlaíonn an fhoghlaim seo in ábhair cosúil le Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte, Clár an Phatrúin agus go deimhin i ngach páirt don churaclaim. Lena chinntiú go mbeidh deis foghlama den sórt sin ag gach páiste agus lena chinntiú go dtabharfar aitheantas do na dea-chleachtais atá ar bun cheana féin i scoileanna, táimid ag forbairt curaclaim anois in Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic.

# Fís

## Cad é an fhís atá á beartú maidir le curaclam do ORC agus Eitic?

Baineann an fhís do churaclam do ORC agus Eitic le hoideachas iolraíoch bunaithe ar luachanna a chuireann múinteoirí ar a gcumas tacú le páistí maireachtáil i ndomhan lán éagsúlachta agus cur leis ar dhóigh dhearfach. Féachfaidh an curaclam le cúig phríomhréimse a fhorbairt: féintuiscint, comhthuiscint, oideachas carachtair, nasc leis an domhan mór agus feasacht spioradálta.

## Cad é mar a fheabhsóidh an fhís seo saol na bpáistí?

Trí pháirt a ghlacadh in ORC agus Eitic, cothófar braistint féiniúlachta agus mhuintearais sna páistí trína bhféinfheasacht, a bhféinmhuinín, a bhféinmheas agus, ar deireadh, a gcuid folláine a fhorbairt. Pléifidh na páistí na smaointe atá acu faoin domhan agus, san am céanna, forbrófar caidreamh agus cairdeas le páistí eile de chúlraí difriúla creidimh. Ach páirt ghníomhach a ghlacadh san oideachas d'eitic, cuirfear lena gcuid eolais ar na castachtaí a bhaineann le hiompar daoine agus forbrófar na scileanna agus an meon atá de dhíth le maireachtáil ar dhóigh dhearfach i sochaí lán éagsúlachta agus le cur léi.

## Cad é mar a chuirfidh an fhís seo le cleachtais mhúinteoirí?

Beidh an curaclam molta do ORC agus Eitic bunaithe ar neamhspleáchas múinteoirí agus ar shaoirse coinsiasa. Caithfidh teagasc ORC agus Eitice a bheith 'oibiachtúil, criticiúil agus iolraíoch'. Caithfidh múinteoirí a bheith machnamhach agus an t-eolas atá acu féin a sheiceáil agus a leasú lena chinntiú go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais na bpáistí. Ní mór dóibh dianmhachnamh gníomhach, domhain a dhéanamh le bheith machnamhach agus féineolach. Tríd an machnamh, féadfaidh sé go dtiocfaidh múinteoirí ar an tuiscint go bhfuil siad ar a n-aistear oideachais féin,

iad ag foghlaim níos mó faoina bprionsabail agus faoina dtuiscintí féin, rud a chuideoidh leo teacht ar thuiscint níos fearr orthu féin, ar an domhan agus ar an ról atá acu ann.

### Cad é mar a fheabhsóidh an fhís seo éiteas na scoile?

Tá ORC agus Eitic iontach tábhachtach ó thaobh pobail scoile uileghabhálacha a fhorbairt, cur leo agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Comhartha sóirt den scoil uileghabhálach is ea timpeallacht foghlama a léiríonn an éagsúlacht theangeolaíoch, eitneach, chultúrtha agus reiligiúnach i bpobal na scoile agus a dhéanann ceiliúradh uirthi go bródúil. Bíonn féiníomhá dhearfach na bpáistí uile á cur chun cinn i scoileanna uileghabhálacha, beag beann ar a n-eitneacht, cultúr, creideamh agus reiligiún, agus daingnítear an éagsúlacht mar ghnáthrud in aigne gach páiste.

## Aidhmeanna

### Cad iad na haidhmeanna ginearálta a bhaineann le curaclam ORC agus Eitice?

Tacaíonn aidhmeanna ginearálta an churaclaim mholta ORC agus Eitice leis na haidhmeanna i gcuraclam ’99, i gCreatchuraclam na Luath-Óige (CNCM, 2009) agus sna Treoirlínte um Oideachas Idirchultúir sa Bhunscoil (CNCM, 2004). Tacaíonn siad le múinteoirí le go mbeidh siad in ann a chur ar chumas páistí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- féineolas, muinín, creidimh phearsanta agus féiniúlachtaí pearsanta sóisialta a fhorbairt
- eolas agus tuiscint a fháil ar an dóigh a bhfuil an cultúr ina mairimid múnlaithe ag dearcthaí reiligiúnacha agus neamhreiligiúnacha ar an saol, agus ar an dóigh a bhfuil tionchar acu go fóill ar dhaoine aonair agus ar chaidrimh idir daoine aonair agus a bpobail
- a chur in iúl go bhfuil siad compordach, comhbháúil agus lúcháireach maidir le héagsúlacht daoine, úsáid a bhaint as friotal cruinn le cur síos ar dhifríochtaí i ndaoine, agus caidrimh dhoimhne, chásmhara a dhéanamh le daoine eile
- míchothromaíocht, éagóir agus neamhionannas a aithint agus an ghaolmhaireacht idir cearta agus freagrachtaí a aithint
- tuiscint a fháil ar an tionchar a bhíonn ag claontacht agus gníomhartha leithcheala ar dhaoine eile.



## Cad iad na téamaí a bhféadfaí iad a fhiosrú in ORC agus Eitic?

Tá téamaí a dtiocfadh leo a bheith sa churaclam leagtha amach sna táblaí thíos.

### Tábla 1: Téamaí féideartha do churaclam ORC

| Rang | Téamaí Féideartha |
|---|---|
| Naíonáin Shóisearacha – Rang 2 | Mise agus mo theaghlach |
| | Ceiliúrtha teaghlaigh |
| | Scéalta atá tábhachtach domsa agus do dhaoine eile |
| | Mo chaidrimh le daoine eile |
| | Daoine tábhachtacha ó chreidimh i mo phobal féin |
| | Áiteanna tábhachtacha adhartha i mo phobal féin |
| | Córais chreidimh: príomhphearsana agus deasghnátha aistrithe saoil |
| Rang 3-6 | Creideamh: na rudaí a chreideann daoine, daonnacht agus an domhan nádúrtha |
| | Ceiliúrtha: an dóigh agus an fáth a bhfuil ceiliúrtha tábhachtach i gcórais chreidimh |
| | Siombailí: an dóigh agus an fáth a gcuireann siombailí ciall in iúl |
| | Ceannairí agus múinteoiri: daoine a bhfuil tionchar acu ar chreidimh daoine eile: go háitiúil, go náisiúnta agus go domhanda |
| | Muintearas: an áit a mbaineann daoine léi agus an fáth a mbaineann siad léi, agus an fáth a bhfuil muintearas tábhachtach |
| | Adhradh: oilithreacht agus áiteanna naofa |
| | Aistear an tsaoil agus an bháis |
| | Córais chreidimh: deasghnátha, luachanna agus creidimh |

### Tábla 2: Téamaí féideartha do churaclam Eitice

| Rang | Téamaí Féideartha |
|---|---|
| Naíonáin Shóisearacha – Rang 2 | Cé mise? |
| | Mise agus mo phobal |
| | Na daoine a bhfuil mé i mo chónaí leo agus na teaghlaigh thart orainn |
| | Mo chairde |
| | An dóigh ar mhaith linn go gcaithfeadh daoine linn |
| Rang 3-6 | Saoránacht |
| | Inbhuanaitheacht – sóisialta, comhshaol, cultúrtha agus eacnamaíoch |
| | Freagracht a ghlacadh |
| | Athrú na haeráide |
| | Comhionannas agus cóir |

# Smaoinigh air:

**Cad é ba mhaith leat a theagasc do pháistí in ORC agus Eitic?**

# Gnéithe den Churaclam



# Gnéithe den Churaclam

Tá eolas agus tuiscint ar reiligiúin, ar chreidimh agus ar eitic mar ghnéithe tábhachtach d'oideachas cáilíochta a chothaíonn saoránacht dhaonlathach agus cóimheas, a leathnaíonn saoirse reiligiúnach agus a chuireann tuiscint ar an éagsúlacht chun cinn. Tá moltaí le fáil sa chuid seo maidir le cúig phríomhghné de churaclam do ORC agus Eitic.

**Fíor: Cúig ghné d'fhorbairt curaclaim do ORC agus Eitic**



## 1. Comhlánaíonn ORC agus Eitic a chéile agus tá siad éagsúil

Chun críocha fhorbairt an churaclaim, is féidir breithniú ar ORC agus ar Eitic mar dhá réimse oideachais atá gaolmhar ach éagsúil lena chéile. Cé go gcuireann an dá rud go mór le forbairt an mheasa agus na tuisceana ar a chéile agus an chomhbhá lena chéile, is réimsí sainiúla staidéir iontu féin iad a mbaineann scileanna, eolas agus cuir chuige dhifriúla leo i dtaca le múineadh agus foghlaim de.

Mar shampla, cuireann oideachas na heitice le forbairt daoine aonair neamhspleácha ar féidir leo breithiúnas criticiúil a thabhairt agus comhphlé agus saol pobail a chothú i sochaí iolraíoch. Ar an láimh eile, is é is aidhm le ORC meas agus tuiscint ar dhaoine de gach reiligiún, creideamh agus dearcadh ar an saol, agus comhbhá leo, a chothú. Cothaíonn an dá réimse na scileanna agus an meon atá de dhíth sa dóigh gur féidir le daoine óga maireachtáil i sochaí lán éagsúlachta agus cur léi.

## 2. Tá ORC agus Eitic iolraíoch de nádúr

Baineann an fhís oideachasúil atá mar bhunchloch le curaclam ORC agus Eitice le hoideachas bunaithe ar fhíor-iolrachas[1] agus ar luachanna. Le cur chuige iolraíoch, aithnítear go hionraic na córais éagsúla luachanna atá le fáil i sochaí ar bith atá lán éagsúlachta, agus léirítear meas ar an éagsúlacht dearcthaí ar an saol.

Aithneoidh ORC agus Eitic an éagsúlacht tuiscintí agus léirithe ar reiligiúin agus ar chreidimh atá múnlaithe ag dálaí agus ag eispéiris chultúrtha agus indibhidiúla. Léireofar meas ar an éagsúlacht atá le fáil i reiligiúin agus i gcreidimh lena chinntiú nach ndéantar ginearálú ná steiréitíopáil.

## 3. Léireoidh ORC agus Eitic meas ar an bpáiste mar dhuine fiosrach, cumasach, muiníneach, cásmhar

Tá fís sa churaclam molta ORC agus Eitice maidir le páistí – iad a bheith fiosrach, cumasach, muiníneach agus cásmhar. Aithneoidh an curaclam molta saibhreas an eispéiris atá ag gach páiste ar leith atá múnlaithe ag meascán uathúil dálaí, ina measc cúrsaí teaghlaigh, caidrimh, gnáthnósanna cultúrtha, a mbíonn an tsochaí ag súil leis agus nósanna reiligiúnacha.

Beidh a smaointe agus a gcreidimh féin ag páistí faoin domhan agus pléifear iad mar chuid de ORC agus Eitic; mar sin féin, deis atá ann dóibh freisin taithí a fháil ar chreidimh agus ar smaointe páistí eile. Tá easaontas agus aighneas mar dhlúthchuid den idirghníomhaíocht a bhíonn ag daoine lena chéile, agus cuirfidh an curaclam molta caoinfhulaingt ghníomhach agus easaontas measúil le daoine eile atá ar mhalairt tuairime chun cinn. Spreagfar na páistí leis an meas atá acu orthu féin agus ar dhaoine eile a mhéadú.

1 Leis an bhfíor-iolrachas, cothaítear cultúr a léiríonn meas ar dhifríochtaí reiligiúnacha. Dearbhaítear an ceart atá ag gach duine creideamh agus an creideamh sin a cleachtadh, ní hamháin ina saol príobháideach ach go poiblí freisin. Ní mhaolaíonn an fíor-iolrachas difríochtaí reiligiúnacha trína áitiú go bhfuil ‘gach reiligiún go bunúsach mar an gcéanna’; is amhlaidh a spreagann sé daoine a bhaineann le reiligiúin dhifriúla le dul i mbun comhrá agus comhphlé.

## 4. Aithneoidh ORC agus Eitic ról na múinteoirí maidir le meon na bpáistí a chothú

Tá ról tábhachtach ag an múinteoir maidir le meon dearfach a chothú sa seomra ranga, ar timpeallacht foghlama í ina bhfuil na páistí mar rannpháirtithe gníomhacha agus cruthaitheoirí eolais. Forbraítear an cineál seo meon aigne trí idirghníomhaíocht fhiúntach le múinteoirí.

Níl aon ábhar ná teagasc ann nach mbaineann luachanna leo. Caithfidh múinteoirí a bheith feasach ar a bprionsabail agus ar a gcreidimh féin agus ar an dóigh a dtéann siad i bhfeidhm ar a gcur chuige i leith an churaclaim mholta do ORC agus Eitic. Tá sé den riachtanas go gcuireann an seomra ranga caidrimh shlána, mheasúla, chómhalartacha chun cinn ina léirítear meas ar an éagsúlacht idir páistí agus lena gcuirtear cleachtas an chuimsithe chun cinn. Is áit é an seomra ranga ina gcinntítear go léirítear meas ar chearta gach páiste agus go gcosnaítear agus go gcomhlíontar iad; áit atá ann ina n-éistear leis na páistí. Go bunúsach, beidh teagasc ORC agus Eitice '*oibiachtúil, criticiúil agus iolraíoch*' de nádúr.

## 5. Tá oideolaíocht pháistelárnaithe mar dhlúthchuid de ORC agus Eitic

Aithníonn ORC agus Eitic cumas an pháiste a bheith páirteach go gníomhach sa phróiseas oideachais agus é a mhúnlú i gcomhpháirt leis an duine fásta. In oideolaíocht pháistelárnaithe, éascaíonn na múinteoirí próiseas foghlama an pháiste, cuireann siad caoinfhulaingt agus glacacht chun cinn, cothaíonn siad meas agus comhphlé, agus cuireann siad cuireadh roimh an bpáiste a bheith páirteach sa phróiseas oideachais. Cé go bhfuil an t-eolas atá ag na múinteoirí ar an ábhar tábhachtach i gcónaí, tá ról tábhachtach freisin ag teicnicí idirghníomhacha agus ag an bhfoghlaim chomhpháirteach.

Dhealródh sé go mbeadh oideolaíocht bunaithe ar fhiosrú agus oideolaíocht thógachaíoch oiriúnach do theagasc den chineál seo mar tá fealsúnacht an fhiosraithe mar dhlúthchuid díobh. Déanann na modhanna seo sintéisiú ar na gnéithe is tábhachtaí den staidéar faoi reiligiúin, chreidimh agus eitic do pháistí agus tá cothromaíocht eatarthu. Leis na hoideolaíochtaí sin, a mheascann foghlaim faoi reiligiúin, chreidimh agus eitic agus foghlaim bunaithe orthu, chuirfí na páistí ar a gcumas foghlaim fúthu féin trína bheith páirteach sa phróiseas foghlama.

Tá modhanna molta teagaisc agus foghlama do ORC agus Eitic leagtha amach san Fhíor thíos.

**Fíor: Modhanna molta teagaisc agus foghlama in ORC agus Eitic**




## Leithdháileadh ama do churaclam ORC agus Eitice

Luadh in athbhreithnithe curaclaim gur fadhb é an curaclam a bheith ag leathnú mar atá. Bhí sé le maíomh ag múinteoirí go bhfuil an iomarca ábhar i gCuraclam na Bunscoile. Lena chois sin, mar chuid den straitéis, is gá don CNCM sa bhliain 2016 comhairle a chur ar an Aire i dtaca le roinnt an ama mar atá sé leagtha amach i gCuraclam na Bunscoile '99. Tá an CNCM ag machnamh ar a gcomhairle ina thaobh sin agus beidh sí sin faoi anáil taighde sa réimse a tharraingíonn aird ar/a tharraingíonn ar/a bhaineann le taithí múinteoirí.

Caithfidh an chomhairle a thabharfar ar leithdháileadh ama a bheith bunaithe ar thaithí na múinteoirí agus san am céanna chaithfí eispéiris foghlama chuí a chur san áireamh do gach uile pháiste trasna an churaclaim. San idirlinn d'iarrfaimis ar mhúinteoirí freagairt do na moltaí ar fhorbairtí sa churaclam mar a shonraítear iad sa leabhrán seo agus ar líne ag www.ncca.ie/consultation/erbe.

**Fíor 4: Gnéithe i dtaca le leithdháileadh ama trasna Churaclam na Bunscoile**



## Smaoinigh air:

**Cé acu de na modheolaíochtaí/straitéisí seo atá tábhachach i dteagasc ORC agus Eitice, dar leat? Roghnaigh suas le cúig cinn.**

- [ ] Plé lánranga
- [ ] Am smaointeoireachta (Fealsúnacht le páistí – modh neamhfhoirmiúil)
- [ ] Díospóireachtaí
- [ ] Cluichí
- [ ] Obair i ngrúpaí beaga
- [ ] Cuairteanna Seachtracha
- [ ] Am ciorcail
- [ ] Naisc le heagraíochtaí/grúpaí áitiúla pobail
- [ ] Obair bheirte
- [ ] Tionscadail phraiticiúla
- [ ] Modanna Oideachas Drámaíochta – rólimirt srl.
- [ ] Físealaíona
- [ ] Tionóil
- [ ] Anailís ar na meáin
- [ ] Tionscadail imeasctha/traschuraclaim
- [ ] Nascadh le tuismitheoirí agus leis an bpobal

## Cad é mar is féidir liom mo thuairim a chur in iúl?

- Is féidir leat do thuairim a chur in iúl ach cuairt a thabhairt ar www.ncca.ie/ga/comhairliúchán/orce áit ar féidir leat ceistneoir a chomhlánú dár suirbhé ar líne.
- Is féidir leat freisin aighneacht scríofa a chur chuig CNCM.
- Tá rogha eile ann, mar atá freastal ar cheann dár n-imeachtaí comhairliúcháin a phoibleofar ar ár suíomh gréasáin.

primary developments
foráis sa bhunscolaíocht

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2.
T: +353 1 661 7177 F: +353 1 661 7180 E: info@ncca.ie
**www.ncca.ie**